



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

3 Meitheamh 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Seiceálacha ag teorainneacha, tearmann agus inimirce – Treoir 2002/90/CE – Cion ginearálta arb é atá ann iontráil, idirthuras agus cónaí neamhúdaraíthe a éascú – Airteagal 1(1)(a) – Léiriú i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 7 – Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh – Airteagal 24 – Cearta an linbh – Airteagal 52(1) – Tionchar ar bhunbhrí na gceart bunúsach – Airteagal 18 – An ceart chun tearmainn – Duine a thugann mionaoisigh atá á dtionlacan ar náisiúnaigh tríú tír iad agus a bhfuil sé nó sí freagrach as cúram iarbhrí ina leith isteach go neamhúdaraíthe i gcríoch Ballstáit)

I gCás C-460/23 [Kinsa]ⁱ,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Tribunale di Bologna (an Chúirt Dúiche, Bologna, an Iodáil), trí bhreith an 17 Iúil 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 17 Iúil 2023, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

OB,

idiragraithe:

Procura della Repubblica presso il Tribunale di Bologna,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, C. Lycourgos, M. L. Arastey Sahún, S. Rodin, A. Kumin agus M. Gavalec, Uachtaráin Dhlísheomraí, E. Regan, N. Piçarra (Rapóirtéir), Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 18 Meitheamh 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– OB, ag F. Cancellaro, avvocata,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

ⁱ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhóirainm aon pháirtí sna himeachtaí..

- Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó S. Faraci agus W. Ferrante, avvocati dello Stato,
 - Rialtas na hUngáire, ag M. Z. Fehér agus R. Kissné Berta, i gcáil Gníomhairí,
 - Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag R. Meyer, K. Pleśniak agus A. Ștefănuț, i gcáil Gníomhairí,
 - an Coimisiún Eorpach, ag A. Katsimerou, P. A. Messina agus J. Vondung i gcáil Gníomhairí,
- tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 7 Samhain 2024
- an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú, ar an gcéad dul síos, le léiriú Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 2, 3, 6, 7, 17 agus 18 de agus, ar an dara dul síos, le bailíocht Threoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 (IO 2002 L 328, lch. 17) agus Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar theacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraíthe (IO 2002 L 328, lch. 1).
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne OB, arb í náisiúnach tríú tír, maidir le hiontráil neamhúdaraíthe ar chríoch na hIodáile a éascú le haghaidh beirt mhionaoiseach, a bhí in éineacht léi, ar náisiúnaigh iad den tríú tír sin agus a raibh cúram iarbhir aici ina leith.

An dlí

Dlí idirnáisiúnta

Coinbhinsiún na Ginéive

- 3 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 31(1) den Choinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaíthe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Sraith Chonarthai na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)), a tháinig i bhfeidhm an 22 Aibreán 1954 agus arna fhorlíonadh leis an bPrótocal i dtaobh Stádas Dídeanaíthe, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967, agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 1967 ('Coinbhinsiún na Ginéive'), dar teideal 'Dídeanaíthe neamhrialta sa tír óstach':

'Ní ghearrfaidh na Stáit Chonarthacha pionóis, mar gheall ar a dteacht isteach neamhdhleathach nó a gcónaí neamhúdaraíthe, ar dhídeanaíthe a thagann go díreach ó chríoch inar bagraíodh a saol nó a saoirse, de réir bhrí Airteagal 1, isteach ina gcríoch nó atá i láthair ina gcríoch gan údarú, ar choinníoll go gcuirfidh siad iad féin i láthair na n-údarás gan mhoill agus go léireoidh siad cúis mhaith lena dteacht isteach nó lena láithreach neamhúdaraíthe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Prótacal Palermo maidir le smuigleáil imirceach

- 4 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2 den Phrótacal in aghaidh Inimircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir agus san Aer, mar aon le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta, arna síniú ag an gComhphobal Eorpach an 12 Nollaig 2000, i gcomhréir le Cinneadh 2001/87/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2000 (IO 2001 L 30, lch. 44, ‘Prótacal Palermo maidir le smuigleáil imirceach’). Rinneadh an Prótacal sin a fhorlíonadh le Cinnteadh 2006/616 ón gComhairle an 24 Iúil 2006 (IO 2006 L 262, lch. 24) a mhéid a bhaineann na forálacha sin den Phrótacal sin, faoi seach, le hAirteagail 179 agus 181A CE agus le Cinneadh 2006/617/CE ón gComhairle an 24 Iúil 2006 (IO 2006 L 262, lch. 34) a mhéid a bhaineann na forálacha sin leis an tríú cuid de Theideal IV de Chonradh CE. Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2 de Phrótacal Palermo maidir le smuigleáil imirceach:

‘Is é is aidhm don Phrótacal seo smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac agus comhar i measc na Stát is Páirtithe chun na gcríoch sin a chur chun cinn, agus cearta na n-imirceach atá á smuigleáil á gcosaint ag an am céanna.’

An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh;

- 5 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 27(2) den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Samhain 1989, (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1577, lch 3):

‘Is ar thuismitheoirí nó ar chúramóirí eile an linbh atá an phríomhfhreagracht, laistigh de theorainneacha a bhféidearthachtaí agus a n-acmhainní airgeadais, as na dálaí maireachtála is gá le haghaidh fhorbairt an linbh a áirithiú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí an Aontais

An Chairt

- 6 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 7 den Chairt, dar teideal ‘Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh’:

‘Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.’

- 7 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 18 den Chairt:

‘Ráthófar an ceart chun tearmainn agus urraim chuí á tabhairt do rialacha [Choinbhinsiún na Ginéive] agus i gcomhréir [le CAE] agus [le CFAE] [...]’

- 8 Foráiltear le hAirteagal 24 den Chairt, dar teideal ‘Cearta an linbh’:

‘1. Beidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail. Féadfaidh siad a dtuairimí a nochtadh go saorálach. Cuirfear na tuairimí sin san áireamh i dtaca le hábhair a bhaineann leo i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.’

2. I ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á ghlacadh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, ní mór leas an linbh a bheith ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh.

3. Beidh ag gach leanbh an ceart chun caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a bheith aige nó aici go tráthrialta lena bheirt nó lena beirt thuismitheoirí mura rud é go bhfuil sé sin contrártha le leasanna an linbh.'

- 9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 52(1) den Chairt, dar teideal 'Raon feidhme agus léiriú na gceart agus na bprionsabal':

'Ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhir do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.'

Treoir 2002/90

- 10 Leagtar amach an méid seo a leanas le haithrisí 1 go 5 de Threoir 2002/90:

- '(1) Ar cheann de chuspóirí an Aontais Eorpaigh tá limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na hinimirce neamhdhlíthiúla.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart bearta a ghlacadh chun cabhrú le hinimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac, i ndáil le trasnú neamhúdaraíthe na teorann sa chiall is beaichte agus chun líonraí a dhéanann dúshaothrú ar dhaoine a chothú.
- (3) Agus an méid sin á chur san áireamh, tá sé rithábachtach na forálacha dlíthiúla atá ann cheana a chomhfhogasú, go háirithe maidir le sainmhíniú beacht an chiona atá i gceist agus na díolúintí, atá faoi réir na Treorach seo, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, na rialacha íosta maidir le pionóis, [...] atá faoi réir Chinneadh Réime [2002/946].
- (4) Is é is cuspóir don Treoir seo an coincheap maidir le héascú na hinimirce neamhdhlíthiúla a shainmhíniú agus, ar an gcaoi sin, cur chun feidhme Chinneadh Réime [2002/946] a dhéanamh níos éifeachtaí chun an cion sin a chosc.
- (5) Leis an Treoir seo, déantar ionstraimí eile a glacadh chun inimirce neamhdhlíthiúil, fostaíocht neamhdhleathach, gáinneáil ar dhaoine agus gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac a chomhlánú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'Cion ginearálta':

'1. Glacfaidh gach Ballstát pionóis iomchuí maidir leis na daoine seo a leanas:

- a) aon duine a chabhraíonn le duine nach náisiúnach de Bhallstát é teacht isteach ar chríoch Bhallstáit, nó idirthuras a dhéanamh trasna críoch Bhallstáit, de shárú ar dhlíthe an Stáit lena mbaineann maidir le teacht isteach nó idirthuras eachtrannach;

[...]

2. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh gan smachtbhannaí a fhorchur i leith an iompair a shainítear i mír 1(a) trína dhlí náisiúnta agus a chleachtas náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcásanna inarb é cuspóir an iompair sin cúnamh daonnúil a sholáthar don duine lena mbaineann.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cinneadh Réime 2002/946

- 12 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2002/946, dar teideal ‘Pionóis’:

‘Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 de Threoir [2002/90] faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.’

- 13 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 6 den Chinneadh Réime sin, dar teideal ‘An dlí idirnáisiúnta maidir le dídeanaithe’:

‘Beidh feidhm ag an gCinneadh Réime seo gan dochar don chosaint a thugtar do dhídeanaithe agus d’iarrthóirí tearmainn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe nó le hionstraimí idirnáisiúnta eile um chearta an duine, go háirithe gan dochar do chomhlíonadh a n-oibleagáidí idirnáisiúnta ag na Ballstáit faoi Airteagail 31 agus 33 [de Choinbhinsiún na Ginéive].’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2011/95/AE

- 14 Foráiltear mar a leanas le haithrisí 16 agus 18 de Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe na cosanta idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9), dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘(16) [...] Go háirithe, féachtar leis an Treoir seo lena áirithiú go ndéanfar dínit an duine agus ceart chun tearmann na n-iarratasóirí ar thearmann agus a mball teaghlaigh atá á dtionlacan a urramú ina n-iomláine agus féachtar le cur i bhfeidhm Airteagal 1, 7, 11, 14, 15, 16, 18, 21, 24, 34 agus 35 den [Chairt] sin a chur chun cinn, agus dá bhrí sin ba cheart í a chur chun feidhme dá réir.

[...]

(18) Ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do “leas an linbh” agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, i gcomhréir le [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh]. Agus leas an linbh á mheas acu, ba chóir do na Ballstáit aird chuí a thabhairt, go háirithe, ar phrionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh [...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 15 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 23(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Aontacht an aonaid teaghlaigh a chaomhnú’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaí aontacht an aonaid teaghlaigh a chaomhnú.’

Treoir 2013/33/AE

- 16 Foráiltear mar a leanas le haithris 9 de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO 2013 L 180, lch. 96):

‘Le cur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit féachaint le lánurraim do phrionsabail leasanna an linbh agus na haontachta teaghlaigh a áirithiú, i gcomhréir leis an [gCairt], leis [an gCoinbhinsiún maidir le Cearta an Linbh], leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chosaint do Chearta an Duine agus do Shaoirsí Bunúsacha agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, faoi seach, [arna síniú sa Róimh an 4 Samhain 1950].’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cód Teorainneacha Schengen

- 17 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO 2016 L 77, lch. 1, ‘Cód Teorainneacha Schengen’), dar teideal ‘Raon feidhme’:

‘Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon duine a thrasnaíonn teorainneacha inmheánacha nó seachtracha na mBallstát, gan dochar don mhéid seo a leanas:

[...]

b) cearta dídeanaithe agus daoine a iarrann cosaint idirnáisiúnta, go háirithe maidir le *non-refoulement*.

- 18 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4 de Chód Teorainneacha Schengen, dar teideal ‘Ceartha Bunúsacha’:

‘Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit a gcuid cúraimí a chomhall agus dlí ábhartha an Aontais á chomhlíonadh go hiomlán acu, lena n-áirítear [an Chairt], an dlí idirnáisiúnta is ábhartha, lena n-áirítear [Coinbhinsiún na Ginéive], oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*, agus cearta bunúsacha. [...]’

Dlí na hIodáile

- 19 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 12(1) agus (2) de decreto legislativo n. 286 – Testo unico delle disposizioni concernenti la disciplina dell’immigrazione e norme sulla condizione dello straniero (Foraithne Reachtach Uimh. 286 lena leagtar síos téacs comhdhlúite na bhforálacha maidir le rialú inimirce agus na rialacha a bhaineann le staid náisiúnach eachtrach), an 25 Iúil 1998 (GURI

Uimh. 191), an 18 Lúnasa 1998, Gnáthfhorlíonadh Uimh. 139, sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí ('an téacs comhdhlúite maidir le himirce'), dar teideal 'Forálacha i gcoinne na hinimirce neamhdhlíthiúla'.

'1. Mura rud é gur cion níos tromchúisí na ngníomhartha, aon duine a dhéanann, de shárú ar fhorálacha an Achta Chomhdhlúite seo, iompar eachtrannach laistigh de chríoch an Stáit a chur chun cinn, a stiúradh, a eagrú, a mhaoiniú nó a chur i gcrích nó a dhéanann gníomhartha eile atá ceaptha go neamhdhleathach chun a áirithiú go dtiocfaidh sé isteach ar chríoch an Stáit, nó ar chríoch Stáit eile nach náisiúnaigh de iad nó nach bhfuil aon cheart buanchónaithe acu ann, déanfar é a phionósú le téarma príosúnachta 2 bhliain go 6 bliana agus fineáil EUR 15 000 in aghaidh an duine lena mbaineann.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 54 den Codice penale (an Cód Coiriúil), ní bheidh na ngníomhartha fóirithinte agus cúnaimh dhaonnúil a sholáthraítear san Iodáil d'eachtrannaigh atá i staid leochaileach agus atá ar chríoch an Stáit ar aon nós ina gcion.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceistanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 20 An 27 Lúnasa 2019, chuir OB í féin i láthair ag teorainn aerfort Bologna (an Iodáil), in éineacht le beirt mhionaoiseach, 8 mbliana agus 13 bliana d'aois, ar theacht d'eitilt ó thríú tír. Bhí pasanna bréagacha ag gach duine acu.
- 21 An 28 Lúnasa 2019, gabhadh OB agus, le cinneadh ón Tribunale per i minorenni (Cúirt na nÓg, an Iodáil), cuireadh an bheirt mhionaoiseach in áras altrama. Osclaíodh nós imeachta i gcoinne OB os comhair an Tribunale di Bologna (an Chúirt Dúiche, Bologna), arb í an chúirt a rinne an tarchur, mar gheall ar an gcion maidir le hiontráil neamhúdaraíthe ar chríoch náisiúnta a éascú do náisiúnaigh tríú tír, dá bhforáiltear le hAirteagal 12(1) den téacs comhdhlúite maidir le hinimirce, i gcomhar le cion seilbhe doiciméad aitheantais bréagach, dá bhforáiltear le hAirteagal 497a den Codice penale (Cód Coiriúil na hIodáile). Os a choinne sin, níl OB faoi réir imeachtaí coiriúla maidir le hiontráil neamhúdaraíthe san Iodáil.
- 22 An 29 Lúnasa 2019, ag an éisteacht inar bailíochtaíodh an ghabháil os comhair an Bhreithimh Imscrúdaitheora Choiriúil de chuid an Tribunale di Bologna (an Chúirt Dúiche, Bologna), dúirt OB gur theith sí óna tír thionscnaimh chun na bagairtí báis a raibh sí agus a teaghlaigh nochta dóibh mar thoradh ar a iarpháirtí a sheachaint. Dúirt OB freisin go raibh imní uirthi faoi shláine coirp na mionaoiseach a bhí in éineacht léi, dar léi, is iad sin, a hiníon agus a neacht, agus tugadh coimeád don neacht sin di tar éis bhás a máthar.
- 23 Le hordú an lá céanna, rinne an Breitheamh Imscrúdaitheora Choiriúil gabháil OB a bhailíochtú agus dhiúltaigh sé don iarratas ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí lenar iarradh í a chur faoi choimeád. Seasadh leis an diúltú sin le hachomharc ar an bhforas nach raibh aon fhianaise ann lena gceadófaí amhras a chaitheamh ar ráitis de chuid OB ag céim an imscrúdaithe.
- 24 An 9 Deireadh Fómhair 2019, rinne OB iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Bhí na himeachtaí a bhaineann leis an iarraidh sin fós ar oscailt ar an dáta a rinneadh an tarchur le haghaidh réamhrialú.

- 25 Le cinneadh an 30 Meán Fómhair 2021 chinn an Tribunale per i minorenni (Cúirt na nÓg), tar éis scrúdú fóiréinseach, go raibh nasc teaghlaigh ann idir OB agus duine den bheirt mhionaoiseach, agus mar thoradh air sin gur aithníodh go raibh údarás tuismitheora ag OB ar an mionaoiseach sin. Os a choinne sin, ní raibh an chúirt seo in ann a bhunú go raibh gaol teaghlaigh idir OB agus an mionaoiseach eile, ós rud é gur fhág an mionaoiseach eile sin an teach altrama inar cuireadh í, ar a tionscnamh féin, an 10 Meán Fómhair 2019.
- 26 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur léir ó thuarascáil na seirbhísí sóisialta a rinneadh tar éis na n-agallamh a rinneadh leis an mbeirt mhionaoiseach, gurb é an dara mionaoiseach neacht OB agus gur cuireadh de chúram ar OB í tar éis bhás a máthar. Tugann sí dá haire go bhfuil an bheirt mhionaoiseach ‘faoi fhreagracht agus [faoi chosaint]’ OB.
- 27 Measann an chúirt sin go dtagann iompar OB a bhí dírithe ar an mbeirt mhionaoiseach a thabhairt isteach ar chríoch na hIodáile go neamhúdaraith, i dtéarmaí ábhartha, faoin gcion dá bhforáiltear le hAirteagal 12(1) den Téacs Comhdhlúite maidir le hInimirce, seachas le hAirteagal 12(2), a mhéid a fhoráiltear leis an bhforáil sin nach mbeidh ‘na gníomhartha fóirithinte agus cúnamh dhaonnúil a sholáthraítear san Iodáil d’eachtrannaigh atá i staid leochaileach agus atá ar chríoch an Stáit ar aon nós ina gcion’.
- 28 Is é tátal na cúirte a rinne an tarchur go bhfuil Airteagal 12 contrártha do phrionsabal na comhréireachta a eascraíonn as Airteagal 52(1) den Chairt, ní hamháin ó thaobh an ghá atá ann an bonn a bhaint de na cearta bunúsacha a ráthaítear in Airteagail 2, 3, 6, 7, 17 agus 18 den Chairt, chun na cuspóirí a shaothraítear le Treoir 2002/90 agus Cinneadh Réime 2002/946 a shaothrú, ach freisin ó chothromú leasanna atá ag teacht salach ar a chéile agus a bhfuil cosaint ag teastáil ina leith.
- 29 Cé go ndéantar, dar leis an gcúirt sin, iompar amhail iompar OB a eisiáimh ó raon feidhme Airteagal 12(2) den Téacs Comhdhlúite maidir le hInimirce, d’fhéadfaí é a aicmiú mar ghníomh arna dhéanamh chun críoch ‘cúnamh dhaonnúil’ de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2002/90. Dá bhrí sin, níor cheart go dtiocfadh an t-iompar sin faoi raon feidhme Airteagal 1(1)(a), den Treoir sin, ós rud é go bhféachtar leis na mionaoisigh lena mbaineann a éascú, ar an gcéad dul síos, a gceart chun na beatha, chun sláine coirp agus chun saoirse agus slándála, a ráthaítear le hAirteagail 2, 3 agus 6 den Chairt faoi seach, a fheidhmiú, ós rud é go bhfuil na cearta sin i mbaol ina dtír thionscnaimh, ar an dara dul síos, a gceart go ndéanfar a saol teaghlaigh a urramú, a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt, ag féachaint don nasc idir tuismitheoir agus leanbh agus an nasc teaghlaigh atá ann idir OB agus na mionaoisigh sin, agus ar an tríú dul síos, a gceart chun tearmainn, arna ráthú le hAirteagal 18 den Chairt, i ndáil le hiarratas OB ar chosaint idirnáisiúnta.
- 30 Mar sin féin, i bhfianaise chomhoiriúnacht Airteagal 12(1) den Téacs Comhdhlúite maidir le hInimirce leis an ‘gcreat rialála a leagtar síos le Treoir 2002/90 agus le Cinneadh Réime 2002/946’, measann an chúirt a rinne an tarchur nach iomchuí imeacht chur chun feidhme na forála sin ar an bhforas go sárófaí Airteagal 52(1) den Chairt léi. Ina ionad sin, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú Airteagal 52(1) i ndáil le hAirteagal 12(1) den Téacs Comhdhlúite maidir le hInimirce agus maidir le bailíocht, i bhfianaise na Cairte, Airteagal 1(1)(a) agus (2) de Threoir 2002/90 agus Airteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2002/946, a mhéid a leanann sé ó na trí fhoráil dheireanacha sin nach ndéantar leo ach amháin foráil a dhéanamh le dlí, seachas oibleagáid a chur ar na Ballstáit gan iompar atá beartaithe chun éascú iontrála neamhúdaraith ar a gcríoch a choiriúlú nuair is é is aidhm don iompar sin cúnamh daonnúil a chur ar fáil.

31 Sna himthosca sin, chinn an Tribunale di Bologna (an Chúirt Dúiche, Bologna) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a fháil:

‘1) An gcuirtear cosc [leis an gCairt], agus go háirithe prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 52(1)(d), arna léamh i gcomhar leis an gceart chun saoirse agus an ceart chun maoiné dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 17 di agus na cearta chun beatha agus sláine coirp dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 di, an ceart chun tearmainn dá dtagraítear [in] Airteagal 18 di agus meas ar shaol an teaghlaigh dá dtagraítear [in] Airteagal 7 di, ar fhorálacha Threoir [2002/90] agus Chinneadh Réime [2002/946] (arna [g]cur chun feidhme i ndlí na hIodáile leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 12 d’Fhoraithne Reachtach Uimh. 286), a mhéid a fhorchuirtear ar na Ballstáit pionóis c[h]oiriúl[a] a fhoráil maidir le haon duine a éascaíonn d’aon ghnó gníomhartha, nó a ghlacann páirt iontu d’aon ghnó, atá beartaithe chun iontráil neamhúdaraíthe náisiúnach eachtrach ar chríoch an Aontais a éascú, fiú i gcás ina ndéantar an t-iompar ar bhonn neamhbhrabúis, gan foráil a dhéanamh, ag an am céanna, d’oibleagáid ar Bhallstáit iompar lena n-éascaítear iontráil neamhúdaraíthe atá dírithe ar chúnamh daonnúil a sholáthar don náisiúnach eachtrach a eisiáimh ó choiriúlú?’

2) An gcuirtear cosc [leis an gCairt], agus go háirithe prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 52(1) di, arna léamh i gcomhar leis an gceart chun saoirse agus an ceart chun maoiné dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 17 di agus na cearta chun beatha agus sláine coirp dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 di, an ceart chun tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 18 di agus meas ar shaol an teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 7 di, ar na forálacha maidir le cion coiriúil a leagtar síos in Airteagal 12 d’Fhoraithne Reachtach Uimh. 286, a mhéid a ghearrtar pionós ar iompar duine a dhéanann gníomhartha atá beartaithe chun iontráil neamhúdaraíthe náisiúnach eachtrach ar chríoch an Aontais a éascú, fiú i gcás ina ndéantar an t-iompar ar bhonn neamhbhrabúis, gan foráil a dhéanamh, ag an am céanna, maidir le hiompar lena n-éascaítear iontráil neamhúdaraíthe atá dírithe ar chúnamh daonnúil a sholáthar do náisiúnach eachtrach a eisiáimh ó choiriúlú?’

32 Ina hiarraidh ar réamhrialú, d’iarr an chúirt a rinne an tarchur go ndéileálfai leis an gcás seo faoin nós imeachta brostaithe dá bhforáiltear le hAirteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Le hordú an 10 Deireadh Fómhair 2023, *Kinsa* (C-460/23, EU:C:2023:784), dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais don iarratas sin ar an bhforas nár éiligh nádúr an cháis go ndéileálfai leis laistigh d’achar gearr ama.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

33 Leis an dá cheist sin, ar cheart iad a scrúdú le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, maidir le bailíocht Airteagal 1 de Threoir 2002/90 agus Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2002/946 i bhfianaise na Cairte, agus maidir le léiriú an Airteagail sin d’fhonn a chinneadh an gcuirtear bac leis ar na forálacha náisiúnta lenar trasúodh na hAirteagail sin i ndlíchóras na hIodáile.

34 De réir cásdli socair, faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt a rinne an tarchur a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Fágann sé sin gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i

bhfocail eile (breithiúnais an 28 Samhain 2000, *Roquette Frères*, C-88/99, EU:C:2000:652, mír 18, agus an 20 Márta 2025, *Porcellino Grasso*, C-116/24, EU:C:2025:198, mír 34). Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go measann an Chúirt Bhreithiúnais gur gá forálacha dhlí an Aontais a chur san áireamh nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste, agus na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí a tharraingt amach ón bhfianaise uile arna soláthar ag an gcúirt sin á baint amach as, go háirithe ón ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir (breithiúnais an 20 Márta 1986, *Tissier*, 35/85, EU:C:1986:143, mír 9 agus an 22 Meitheamh 2023, *K.B. agus F.S. (Sárú a ardú ex officio in imeachtaí coiriúla)*, C-660/21, EU:C:2023:498, míreanna 26 agus 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 35 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann go bhfuil OB á ionchúiseamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur i leith, *inter alia*, an chiona maidir le hiontráil neamhúdaraíthe ar chríoch na hIodáile a éascú, dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) den Téacs Comhdhlúite maidir le hInimirce — lena ndéantar Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 agus Airteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2002/946 a thrasú i ndlíchóras na hIodáile — as beirt mhionaoiseach ar náisiúnaigh tríú tír iad a bhí in éineacht leo a thabhairt isteach sa chríoch sin go neamhúdaraíthe. Os a choinne sin, is léir ó chinntí na cúirte a rinne an tarchur gur cuireadh an bheirt mhionaoiseach sin, arb iad iníon agus neacht OB faoi seach, faoi 'fhreagracht' agus faoi 'chosaint' OB.
- 36 Sna himthosca sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear bunaithe ar an mbonn go dtagann an iompar sin de chuid OB faoin gcion ginearálta maidir le hiontráil neamhúdaraíthe a éascú, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 agus nach ndéantar le hAirteagal 12 den Téacs Comhdhlúite maidir le hInimirce ach an fhoráil sin de dhlí an Aontais a thrasú i ndlíchóras na hIodáile. Os a choinne sin, dá gcuirfí cosc ar Airteagal 1(1)(a) feidhm a bheith aige maidir le hiompar amhail iompar de chuid OB, is gá go ndéanfaidh neamh-chomhoiriúnacht den sórt sin difear d'Airteagal 12 dá ndéanfaí í a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aici maidir leis an iompar céanna sin.
- 37 An méid sin ráite, ní mór a choinneáil i gcuimhne, de réir prionsabal ginearálta léirithe, nach mór gníomh de chuid an Aontais a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach nach gcaithfear amhras ar a bhailíocht agus atá i gcomhréir leis an dlí príomha ina iomláine agus, go háirithe, le forálacha na Cairte. Dá bhrí sin, i gcás ina n-éilítear léiriú ar reachtaíocht thánaisteach, ní mór léiriú a dhéanamh air, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha na gConarthaí agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais (breithiúnais an 21 Márta 1991, *Rauh*, C-314/89, EU:C:1991:143, mír 17 agus an 13 Meitheamh 2024, *an Coimisiún v an Ísiltír (Measúnú ar chomhoiriúnacht birt nach bhfuil aicmithe mar Státchabhair)*, C-40/23 P, EU:C:2024:492, mír 40).
- 38 Ar an dara dul síos, ní mór a mheas, i bhfianaise na bhfíoras sna príomhimeachtaí, mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, ní hamháin Airteagal 7 den Chairt, lena gcumhdaítear an ceart go ndéanfar an saol teaghlaigh a urramú, agus Airteagal 18 den Chairt, a bhaineann leis an gceart chun tearmann a ráthú, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ach freisin, mar a chuir an Coimisiún Eorpach in iúl ina bharúlacha i scríbhinn os comhair na Cúirte, go bhfuil tábhacht chinntitheach ag baint le hAirteagal 24 den Chairt, lena gcumhdaítear cearta an linbh, chun ceisteanna na cúirte sin a fhreagairt.
- 39 Dá bhrí sin, ní mór a thuiscint go n-iarrtar leis na ceisteanna sin, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, an gcaithfear Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90, arna léamh i bhfianaise, go háirithe, Airteagail 7, 18 agus 24 den Chairt, a léiriú sa chaoi nach mór iompar duine a thugann mionaoisigh atá á dtionlacan ar náisiúnaigh tríú tír iad agus a bhfuil sé freagrach as cúram iarbhair a dhéanamh ina leith isteach i gcríoch Bhallstáit, de shárú ar na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar

theorainneacha, faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le hiontráil neamhúdaithe a éascú,, agus, ar an dara dul síos, an gá na hAirteagail sin den Chairt a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar coir as iompar den sórt sin.

- 40 De bhun Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90, ní mór do gach Ballstát na pionóis choiriúla iomchuí a ghlacadh maidir le '(h)aon duine a chabhraíonn le duine nach náisiúnach de Bhallstát é teacht isteach ar chríoch Bhallstáit, nó idirthuras a dhéanamh trasna críoch Bhallstáit, de shárú ar dhlíthe an Stáit lena mbaineann maidir le teacht isteach nó idirthuras eachtrannach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 41 Leanann sé ó fhoclaíocht na forála sin, go háirithe ó na téarmaí 'aon duine' agus 'a chabhraíonn' atá inti, gur shainigh reachtóir an Aontais an 'cion ginearálta' dá dtagraítear san fhoráil sin ar bhealach teibí, trí gan a eisiamh, *a priori*, aon cheann de na foirmeacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hiontráil neamhúdaithe ar chríoch Bhallstáit, nó aon duine de na daoine atá in ann an chabhair sin a sholáthar. Is amhlaidh atá maidir le daoine a fhéadfaidh cúnamh den sórt sin a fháil.
- 42 Mínítear an sainmhíniú oscailte sin ar an gcion ginearálta maidir le hiontráil neamhúdaithe a éascú toisc, mar a dhearbhaítear in aithrisí 1 agus 2 de Threoir 2002/90, go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais 'cabhrú le hinimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac', ina foirmeacha éagsúla, chun inimirce den sórt sin a chomhrac go héifeachtach, ní hamháin i gcás ina mbaineann sé le trasnú neamhrialta na teorann ann féin, ach freisin sa chás ina gcabhraíonn sé le líonraí a thagann i dtír ar dhaoine. Thairis sin, is léir ó aithrisí 3 agus 4 den Treoir sin go bhfuil sé mar aidhm ag na forálacha sin an cion maidir le hinimirce neamhdhlíthiúil a éascú a shainiú ar bhealach beacht, chun cur chun feidhme éifeachtach Chinneadh Réime 2002/946 a áirithiú, lena leagtar síos rialacha íosta i ndáil leis na pionóis, dliteanas daoine dlítheanacha agus dlínse. Ar deireadh, leanann sé ó aithris 5 den Treoir sin go ndéantar ionstraimí eile a ghlacadh chun inimirce neamhdhlíthiúil, fostaíocht neamhdhleathach, gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac.
- 43 Is cosúil, *prima facie*, go bhfuil foclaíocht oscailte Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 faoi réir léirithe éagsúla. Go háirithe, cé nach dtagraítear go sainráite san fhoráil sin d'iompar duine a thugann mionaoisigh atá á dtionlacan ar náisiúnaigh tríú tír iad agus a bhfuil sé freagrach as cúram iarbhir a dhéanamh ina leith isteach i gcríoch Bhallstáit, ní chuirtear cosc sainráite leis an bhforáil sin, dá réir sin, arna ghlacadh aisti féin, ar léiriú ar dá réir a thagann iompar den sórt sin faoi raon feidhme an chiona ghinearálta dá bhforáiltear ann.
- 44 Mar sin féin, ní féidir glacadh leis an léiriú sin.
- 45 Ar an gcéad dul síos, déantar dochar do léiriú den sórt sin le cuspóirí Threoir 2002/90. Go deimhin, mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, ní hionann iompar den sórt sin agus éascú inimirce neamhdhlíthiúil, arb é cuspóir na Treorach sin dul i ngleic leis, an bhfreagracht phearsanta atá air i ndáil leis an gcúram a fheidhmíonn sé i ndáil leis na mionaoisigh sin, ach leanann sé as glacadh na freagrachta sin ag an duine sin.
- 46 Tá an chonclúid sin níos riachtanaí fós, ar an dara dul síos, i bhfianaise Airteagail 7 agus 24 den Chairt.

- 47 Le hAirteagal 7 den Chairt, déantar foráil go bhfuil ag gach duine an ceart, *inter alia*, go n-urramófaí a shaol teaghlaigh, agus é á shonrú go bhfuil saol an teaghlaigh ag brath ar réaltacht phraiticiúil na ndlúthcheangal pearsanta agus gur gné bhunúsach de shaol an teaghlaigh é go bhféadfadh tuismitheoir agus a leanbh a bheith le chéile (breithiúnas an 14 Nollaig 2021, *Stolichna obshtina, rayon 'Pancharevo'*, C-490/20, EU:C:2021:1008, mír 61).
- 48 Maidir le hAirteagal 24(1) den Chairt, foráiltear *inter alia* leis go mbeidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 24(2) ní mór leas an linbh a bheith ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh i ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh siad á ndéanamh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha. Tá feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le cinntí nach bhfuil dírithe ar an mionaoiseach ach a bhfuil iarmhairtí suntasacha acu don mhionaoiseach sin (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *GN (Foras le haghaidh diúltú ar bhonn na leasanna is fearr don leanbh)*, (C-261/22, EU:C:2023:1017, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ar deireadh, aithnítear in Airteagal 24(3), i bprionsabal, an ceart atá ag gach leanbh caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a choinneáil leis an mbeirt tuismitheoirí ar bhonn rialta.
- 49 De réir cásdlí socair, ní mór Airteagal 7 den Chairt a léamh i gcomhar leis an oibleagáid leas an linbh a chur san áireamh, a aithnítear le hAirteagal 24(2) den Chairt, agus an gá atá ann do leanbh na caidrimh dá dtagraítear in Airteagal 24(3) den Chairt a choinneáil ar bhonn rialta á chur san áireamh (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 17 Samhain 2022, *Belgische Staat (Dídeanaí mionaoiseach pósta)*, C-230/21, EU:C:2022:887, mír 48 agus an 30 Eanáir 2024, *Landeshauptmann von Wien (Athaontú teaghlaigh le dídeanaí mionaoiseach)*, C-560/20, EU:C:2024:96, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 50 Thairis sin, ós rud é go ndéantar le hAirteagal 24 den Chairt, mar a mheabhraítear leis na mínithe a bhaineann leis an gCairt, príomhchearta an linbh a chumhdaítear sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh atá daingnithe ag na Ballstáit uile, a chomhtháthú i ndlí an Aontais, is gá, agus an tAirteagal sin á léiriú, aird chuí a thabhairt ar fhorálacha an Choinbhinsiúin sin (breithiúnas an 14 Nollaig 2021, *Stolichna obshtina, rayon 'Pancharevo'*, C-490/20, EU:C:2021:1008, mír 63). Go háirithe, de bhun Airteagal 27(2) den Choinbhinsiún sin, is ar thuismitheoirí nó ar chúramóirí eile an linbh atá an phríomhfhreagracht, laistigh de theorainneacha a bhféidearthachtaí agus a n-acmhainní airgeadais, as na dálaí maireachtála is gá le haghaidh fhorbairt an linbh a áirithiú.
- 51 Maidir le Airteagail 7 agus 24 den Chairt, nach mór Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 a léiriú ina bhfianaise, ní féidir le hiompar duine a thugann mionaoisigh a ghabhann é go neamhrialta chuig críoch Bhallstáit agus a bhfuil sé freagrach as coimeád éifeachtach ina leith teacht faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le hiontráil neamhúdaraíthe a éascú, dá dtagraítear san fhoráil dheireanach sin, lena n-áirítear i gcás ina ndeachaigh an duine sin isteach go neamhúdaraíthe sa chríoch sin.
- 52 Bheadh cur isteach thar a bheith tromchúiseach ar an gceart go ndéanfar an saol teaghlaigh agus cearta an linbh a urramú, a chumhdaítear, faoi seach, in Airteagail 7 agus 24 den Chairt, mar thoradh ar léiriú contrártha ar an bhforáil sin, a mhéid a ndéanfaidh sé dochar do bhunbhrí na gceart bunúsach sin, de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt.
- 53 Go deimhin, dá nglacfaí leis go bhféadfar pionós a ghearradh ar dhuine mar gheall ar chabhair a thabhairt do mhionaoisigh, a bhfuil sé freagrach as an gcúram iarbhír ina leith, iontráil go neamhúdaraíthe i gcríoch Bhallstáit, bheadh sé sin ina shárú ar an mbunbhrí sin.

- 54 Tá duine, amhail OB, a théann isteach go neamhdhleathach i gcríoch Bhallstáit de chuid na mionaoiseach atá in éineacht leis agus a bhfuil sé freagrach as cúram iarbhair ina leith, teoranta, i bprionsabal, d'oibleagáid a ghlacadh i gcleachtas ar gné dhílis í den fhreagracht phearsanta sin é, bunaithe ar a chaidreamh teaghlaigh leis na mionaoisigh sin, d'fhonn an chosaint agus an cúram is gá a sholáthar dóibh ar mhaithe lena ndea-bhail agus lena bhforbairt. Is léiriú sonrach aonuaire é iompar an duine sin, thar aon ní eile, ar a fhreagracht ghinearálta as na mionaoisigh sin.
- 55 Dá bhrí sin, ionas nach mbainfear de bhunbhrí an chirt go ndéanfar an saol teaghlaigh agus cearta an linbh a urramú a chumhdaítear, faoi seach, in Airteagail 7 agus 24 den Chairt, ní féidir Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 a léiriú sa chaoi go bhfuil sé beartaithe a áirithiú go n-aicmeofar iompar duine amhail OB, arb é atá ann a leanbh nó mionaoiseach eile a bhfuil cúram iarbhair aige ina leith a thabhairt leis, ar a theacht isteach go neamhúdaraithé i gcríoch Bhallstáit, mar 'iontráil neamhúdaraithé a éascú' sa chríoch sin agus coir a dhéanamh as dá bhrí sin.
- 56 Leanann sé ón méid sin, i bhfianaise Airteagail 7 agus 24 den Chairt, nach mór Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 a léiriú sa chaoi nach dtagann iompar duine a thugann mionaoisigh atá á dtionlacan ar náisiúnaigh tríú tír iad agus a bhfuil sé freagrach as cúram iarbhair a dhéanamh ina leith isteach i gcríoch Bhallstáit, faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le hiontráil neamhúdaraithé a éascú.
- 57 Sa tríú háit, tá gá freisin leis an léiriú sin ar Airteagal 1(1)(a), de Threoir 2002/90 i bhfianaise Airteagal 18 den Chairt, atá ábhartha i gcás ina bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta ag an duine lena mbaineann, mar atá sa chás seo, tar éis dó iontráil i gcríoch an Bhallstáit atá i gceist.
- 58 I ndáil leis sin, ní mór a chur in iúl, ar an gcéad dul síos, go ráthaítear an ceart chun tearmainn, faoi Airteagal 18 den Chairt, i gcomhréir le rialacha Choinbhinsiún na Ginéive agus i gcomhréir le CAE agus CFAE. Tá comhlíonadh na rialacha sin ina cheangal ar na Ballstáit agus Treoir 2002/90 agus Cinneadh Réime 2002/946 araon á gcur chun feidhme acu.
- 59 Mar a dheimhnítear le hAirteagal 6 den Chinneadh Réime sin, tá an Cinneadh Réime sin agus Treoir 2002/90 araon gan dochar, dá bhrí sin, don chosaint a thugtar do dhéanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn agus, go háirithe, comhlíonadh a n-oibleagáidí idirnáisiúnta ag na Ballstáit faoi, *inter alia*, Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Ginéive. Leis an Airteagal sin, cuirtear toirmeasc ar na Stáit sin pionóis choiriúla a ghearradh, mar gheall ar a n-iontráil neamhúdaraithé nó a láithreacht neamhúdaraithé, ar dhéanaithe a thagann go díreach ó chríoch inar bagraíodh a saol nó a saoirse, a thagann isteach nó atá i láthair ina gcríoch gan údarú, ar choinníoll go gcuireann siad iad féin i láthair na n-údarás gan mhoill agus go míníonn siad cúiseanna bailí lena n-iontráil neamhúdaraithé nó lena láithreacht neamhúdaraithé.
- 60 Ar an dara dul síos, cuirtear d'oibleagáid ar Bhallstáit, de bhun Airteagal 3(b) den Chód Teorainneacha Schengen, a bhfuil feidhm aige maidir le haon duine a thrasnaíonn teorainneacha inmheánacha nó seachtracha na mBallstát, gan dochar do chearta dídeanaithe agus daoine a iarrann cosaint idirnáisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann le *non-refoulement* a gcuid cúraimí a chomhall, gníomhú 'agus dlí ábhartha an Aontais á chomhlíonadh go hiomlán acu, lena n-áirítear an [Chairt], an dlí idirnáisiúnta is ábhartha, lena n-áirítear [Coinbhinsiún na Ginéive] oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement* [...]'.

- 61 Ar an tríú dul síos, ní mór aitheantas a thabhairt don cheart atá ag gach náisiúnach tríú tír nó duine gan stát iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta ar chríoch Bhallstáit, lena n-áirítear ag a theorainneacha nó ina limistéir idirthurais, fiú má tá sé nó sí ag fanacht go neamhdhleathach ar an gcríoch sin, gan beann ar an dóchúlacht go n-éireoidh lena iarratas nó lena hiarratas. Chomh luath is a dhéantar iarratas den chineál sin, ní féidir a mheas, i bprionsabal, go bhfuil an t-iarratasóir ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, go dtí go ndéanfar cinneadh maidir lena iarratas ag an gcéad chéim, ach amháin má dhéantar éifeachtacht an chirt chun tearmainn, mar a ráthaítear le hAirteagal 18 den Chairt, a chur i mbaol (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún v an Ungáir*, C-808/18, EU:C:2020:1029, mír 102 agus an 16 Samhain 2021, *an Coimisiún v an Ungáir* (Dearbhú intinne roimh iarratas ar thearmann), C-821/19, EU:C:2021:930, míreanna 136 agus 137).
- 62 Thairis sin, leanann sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais go bhféadfadh bearta a bhfuil sé d'éifeacht acu, gan údar réasúnach, náisiúnach tríú tír a dhíspreagadh ó iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh chuig na húdaráis inniúla, an bonn a bhaint d'éifeachtacht an chirt chun tearmainn, mar a ráthaítear le hAirteagal 18 den Chairt (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún v an Ungáir*, C-808/18, EU:C:2020:1029, míreanna 102, 103, 118 agus 119, agus an 22 Meitheamh 2023, *an Coimisiún v an Ungáir* (Dearbhú intinne roimh iarratas ar thearmann), C-823/21, EU:C:2023:504, míreanna 47 go 51).
- 63 Ar an gceathrú dul síos, is léir ó aithris 9 de Threoir 2013/33 go mbeidh ar na Ballstáit, i gcomhthéacs glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a áirithiú go n-urramófar prionsabail leas an linbh agus aontacht an teaghlaigh ina n-iomláine.
- 64 Thairis sin, luaitear in Ionstraim Chríochnaitheach de Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Náisiún Aontaithe ar Stádas Dídeanaithe agus Daoine gan Stát, inar dréachtaíodh téacs Choinbhinsiún na Ginéive, 'gur ceart bunriachtanach de chuid an dídeanaí í aontacht an teaghlaigh [...]'. Ar an gcaoi chéanna, féachtar le Treoir 2011/95, i gcomhréir le haithris 16 di, a áirithiú go n-urramófar go hiomlán ceart na n-iarratasóirí chun tearmainn agus a mball teaghlaigh tionlacain agus cur i bhfeidhm, *inter alia*, Airteagail 7 agus 24 den Chairt a chur chun cinn. Sonraítear le haithris 18 den Treoir seo gur cheart do leas an linbh a bheith ina phríomhthosaíocht ag na Ballstáit agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu agus gur cheart dóibh, agus an leas sin á mheas acu, aird chuí a thabhairt go háirithe ar phrionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh. Dá bhrí sin, ceanglaítear go sainráite le hAirteagal 23(1) den Treoir sin ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir aontacht teaghlaigh a chaomhnú.
- 65 Sa chás seo, a mhéid a rinne OB iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, tá na cearta aici a eascraíonn as iarratas den sórt sin a dhéanamh agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh sí a bheith neamhchosanta ar phionóis choiriúla mar gheall ar a hiontráil neamhúdaraíthe féin i gcríoch na hIodáile nó toisc go raibh a hiníon agus a neacht in éineacht léi, tráth na hiontrála sin, a bhfuil cúram iarbhír aici ina leith.
- 66 Ar an gceathrú dul síos, mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, tacaíonn Prótocal Palermo maidir le smuigleáil imirceach le léiriú Airteagal 1(1)(a), de Threoir 2002/90, a glacadh i míreanna 45 go 65 den bhreithiúnas seo, agus ní mór an Treoir sin a léamh ina fhianaise. Go deimhin, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Phrótocal, tá sé mar aidhm aige smuigleáil imirceach a choiriúlú, agus cearta na n-imirceach féin a chosaint ag an am céanna.

- 67 Níl sé d'éifeacht ag an léiriú sin, ar bhealach ar bith, iompar a eisiamh ó raon feidhme an dlí choiriúil, ar iompar é a d'fhéadfadh, i ndáiríre, críocha eile a shaothrú amhail inimirce neamhdhlíthiúil, fostaíocht neamhdhleathach, gáinneáil ar dhaoine nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus ar an gcaoi sin iad a nochtadh do sháruithe tromchúiseacha ar a gcearta bunúsacha. I ndáil leis sin, ní mór a chur i dtreis go ndéantar ionstraimí eile arna nglacadh chun inimirce neamhdhlíthiúil, fostaíocht neamhdhleathach, gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac gan teacht ina n-ionad a chomhrac.
- 68 Ar an gcúigiú dul síos agus ar deireadh, ós rud é go bhfuil sé d'éifeacht ag léiriú ar Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt agus le hAirteagal 52(1) di, go n-eisiafaí ó raon feidhme an chiona maidir le hiontráil neamhúdaraitha a éascú, de réir bhrí na chéad fhorála, iompar amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní gá scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht Airteagal 1 de Threoir 2002/90 ná léiriú a dhéanamh ar mhír 2 den Airteagal sin, a bhaineann leis an díolúine ó dhliteanas coiriúil i gcásanna inarb é cuspóir an iompair atá i gceist cúnamh daonnúil a chur ar fáil don duine lena mbaineann.
- 69 Ina theannta sin, i bhfianaise cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur maidir le comhoiriúnacht na forála náisiúnta le dlí an Aontais lenar trasuódh, go háirithe, Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 i ndlíchóras na hIodáile, ní mór a mheabhrú gur cásdlí socair é, agus bearta lena dtrasuitear treoir á gcur chun feidhme, gur faoi údarais agus cúirteanna na mBallstát, agus bearta lena ndéantar treoir a thrasuí á gcur chun feidhme acu, ní hamháin a ndlí náisiúnta a léiriú ar bhealach atá i gcomhréir leis an Treoir sin, ach a áirithiú freisin nach mbeadh siad ag brath ar léiriú ar an Treoir sin a bheadh contrártha leis na cearta bunúsacha atá faoi chosaint ag dlíchóras an Aontais nó leis na prionsabail ghinearálta eile a aithnítear sa dlíchóras sin (breithiúnais an 29 Eanáir 2008, *Promusicae*, C-275/06, EU:C:2008:54, mír 68, agus an 21 Meitheamh 2022, *Ligue des droits humains*, C-817/19, EU:C:2022:491, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 70 Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheabhrú freisin, mar a cuireadh in iúl i mír 42 den bhreithiúnas seo, go leanann sé ó aithrisí 3 agus 4 de Threoir 2002/90 go bhféachtar le hAirteagal 1(1) den Treoir sin an cion 'inimirce neamhdhlíthiúil' a shainmhíniú ar bhealach beacht chun cur chun feidhme Chinneadh Réime 2002/946 a dhéanamh níos éifeachtaí.
- 71 Dá bhrí sin, agus Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90 á thrasuí, ní féidir leis na Ballstáit, rialacha a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta a théann thar raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le hiontráil neamhúdaraitha a éascú, mar a shainmhínítear leis an bhforáil sin, trí iompar nach gcumhdaítear leis an bhforáil sin a chur san áireamh, de shárú ar Airteagail 7 agus 24 agus Airteagal 52(1) den Chairt.
- 72 Thairis sin, is leor Airteagail 7 agus 24 dóibh féin agus ní gá iad a shoiléiriú le forálacha dhlí an Aontais ná leis an dlí náisiúnta chun cearta a thabhairt do dhaoine aonair ar féidir brath orthu amhlaidh. Dá bhrí sin, dá gcinnfeadh an chúirt a rinne an tarchur nach féidir a dlí náisiúnta a léiriú ar bhealach atá i gcomhréir le dlí an Aontais, cheanglófaí uirthi, laistigh de theorainneacha a dlínse, an chosaint dhlíthiúil a eascraíonn as na hAirteagail sin a áirithiú agus lánéifeacht na n-Airteagal sin a ráthú trí Airteagal 12 den Téacs Comhdhlúite maidir le hinimirce a dhífheidhmiú, más gá (féach, de réir analaí, breithiúnas an 17 Aibreán 2018, *Egenberger*, C-414/16, EU:C:2018:257, míreanna 78 agus 79).
- 73 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear nach mór Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7 agus 24 agus Airteagal 52(1) den Chairt, a léiriú ar an gcéad dul síos, sa chaoi nach mór iompar duine nach

dtagann iompar duine a thugann mionaoisigh atá á dtionlacan ar náisiúnaigh tríú tír iad agus a bhfuil sé freagrach as cúram iarbhir a dhéanamh ina leith isteach i gcríoch Bhallstáit, de shárú ar na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le hiontráil neamhúdaráithe a éascú agus, ar an dara dul síos, go gcuirtear bac leis na hAirteagail lena gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar coir as iompar den sórt sin.

Costais

- 74 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 1(1)(a) de Threoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainmhínítear éascú teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaráithe, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7 agus 24 agus Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ar an gcéad dul síos, sa chaoi nach mór iompar duine a thugann mionaoisigh atá á dtionlacan ar náisiúnaigh tríú tír iad agus a bhfuil sé freagrach as cúram iarbhir a dhéanamh ina leith isteach i gcríoch Bhallstáit, de shárú ar na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le hiontráil neamhúdaráithe a éascú agus, ar an dara dul síos, go gcuirtear bac leis na hAirteagail lena gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar coir as iompar den sórt sin.

Sínithe